ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Scéim Tacaíochta 2022 don Chraolachán Pobail de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann

Eanáir 2022

Cuireann an Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann maoiniú ar fáil do chraoltóirí Pobail agus Pobail Suime ar an raidió agus teilifís lena chur ar a gcumas tabhairt faoi thionscadail atá dírithe ar fhorbairt eagraíochtúil a stáisiúin a chur chun cinn agus na tionscadail sin a chur i gcrích.

D'fhéadfaí a áireamh le tionscadail forbartha eagraíochtúla: measúnuithe ar phróisis inmheánacha nó timpeallachtaí seachtracha, forbairt rialachais agus anailís ar chleachtais rialachais, cloí le dea-chleachtas bainistíochta airgeadais, foirne láidre agus grúpaí agus líonraí áitiúla/pobail láidre a thógáil, agus tionscnaimh for-rochtana agus rannpháirtíochta a phleanáil agus a chur i bhfeidhm le grúpaí pobail ábhartha lena chinntiú go bhfuil na stáisiúin ábhartha do na pobail ar a bhfuil siad ag freastal. Níl an liosta seo uileghabhálach agus iarrtar ar stáisiúin iarratais a sheoladh isteach ar thionscadail forbartha eagraíochtúla a bhaineann leo féin.

1. Aidhmeanna agus Cuspóirí na Scéime

Is iad aidhmeanna na Scéime:

- Deis a thabhairt do stáisiúin comhairle agus tacaíocht ghairmiúil a fháil ionas go sásaíonn siad riachtanais na foirne, na n-oibrithe deonacha agus an lucht féachana agus éisteachta a bhfuil sé mar aidhm acu freastal orthu anois agus amach anseo.

- Athbhreithniú, agus nuashonrú más gá, a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta na stáisiún le cabhrú lena chinntiú go rialaítear stáisiúin go maith agus go mbíonn nósanna imeachta agus cleachtais éifeachtúla i bhfeidhm acu. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin mar shampla, beartais d'oibrithe deonacha, lámhleabhair bainistíochta airgeadais, nósanna imeachta Acmhainní Daonna agus eile.

- Deiseanna oiliúna agus forbartha a chur ar fáil do stáisiúin, don fhoireann agus d'oibrithe deonacha le foghlaim óna dtaithí agus ó thaithí stáisiún eile timpeall na tíre.

- Feasacht ar na cóid dlí agus rialála agus na caighdeáin a gcaithfidh stáisiúin cloí leo, agus a gcur i bhfeidhm, a fheabhsú.

- Comhpháirtíochtaí idir stáisiúin phobail a spreagadh le cultúr ina gcomhroinntear dea-chleachtais a chur chun cinn.

2. An Maoiniú atá ar fáil

- Tá maoiniú iomlán €20,000 á chur ar fáil chun athbhreithnithe a mhaoiniú faoin Scéim seo. Ritear na babhtaí ar bhonn oscailte, ach faomhfar an buiséad go bliantúil (de réir na bliana féilire).

- Níl aon íosmhéid ná uasmhéid maoinithe gur féidir iarratas a dhéanamh air mar go mbraitheann sé ar raon agus cineál an athbhreithnithe atá á bheartú ag stáisiúin. Ba cheart go dtabharfadh iarrthóirí faoi deara, áfach, go bhfuil cistí teoranta agus go ndéanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann a dhícheall lena chinntiú go roinntear na cistí go comhréireach.

- Coimeádann an tÚdarás an ceart chun méid níos ísle maoinithe a thairiscint d'iarratas ná mar a iarrtar. Má tharlaíonn sé sin, tabharfaidh an tÚdarás aiseolas agus réasúnaíocht leis an gcinneadh.

3. An Próiseas Iarratais

- Ba cheart iarratais a sheoladh isteach ar an bhFoirm Iarratais faoi iamh ag Aguisín 1. Tá faisnéis áirithe ag teastáil ar an bhFoirm Iarratais faoi réimse ceannteideal lena chur ar chumas Údarás Craolacháin na hÉireann an t-iarratas a mheas. Cinntigh go gcomhlánaítear na codanna ábhartha ar fad.

- Déanfaidh painéal ar a mbeidh comhaltaí foirne an Údaráis na Foirmeacha Iarratais comhlánaithe a mheasúnú.

4. Iarratas a Sheoladh Isteach

- Ba cheart do dhuine údaraithe sa stáisiún (Cathaoirleach nó Bainisteoir an Stáisiúin de ghnáth) an Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus a shíniú. Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin ó gach stáisiún in aon bhliain féilire. Déanfar breith ar

iarratais chomhpháirteacha nó ar chomhpháirtíochtaí mar iarratas amháin thar ceann na stáisiún ar fad atá páirteach.

- Ní ghlacfar le hiarratais ó stáisiúin a bhfuil tionscadal reatha acu faoin Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail.

- Caithfear iarratais a sheoladh isteach chuig Údarás Craolacháin na hÉireann ar ríomhphost chuig **cbss@bai.ie**.

- **Mar gheall gur babhta oscailte é seo, féadfar iarratas a sheoladh isteach ag aon am agus níl aon dáta deiridh i gceist. Tabhair faoi deara go bhféadfadh an t-am chun measúnú a dhéanamh ar iarratas athrú ag brath ar infhaighteacht acmhainní agus an dáta a gcuirtear isteach iad.** Is féidir ceisteanna nó fiosrúcháin faoi d'iarratas a chur ar ríomhphost chuig **cbss@bai.ie**.

5. An Próiseas Measúnaithe

Déanfar measúnú ar iarratais chomhlánaithe de réir na gcritéar seo a leanas.

CRITÉIR	% UALAITHE
An obair bheartaithe agus an réasúnaíocht léi. Cén chaoi a rachaidh sí i ngleic le riachtanais forbartha eagraíochtúla an stáisiúin? Cén fáth agus cén chaoi a gcuireann an tionscadal seo forbairt an stáisiúin chun cinn?	40%
Cáilíochtaí, taithí agus oiriúnacht an duine/na cuideachta a chuirfidh an obair i gcrích.	30%
An buiséad beartaithe agus an méid maoinithe atáthar ag iarraidh ó Údarás Craolacháin na hÉireann. An léiríonn sé luach ar airgead don stáisiún agus don scéim?	30%
Iomlán	**100%**

- Ní dhéanfar measúnú ar iarratas a mheasfar a bheith neamhiomlán. Cuirfidh Údarás Craolacháin na hÉireann iarrthóirí ar an eolas faoin gcinneadh seo. Féadfaidh iarrthóirí iarratais a sheoladh isteach arís ag aon am.

- Tabharfar aiseolas d'Iarrthóirí a n-éireoidh leo faoina n-iarratais agus tabharfar moltaí dóibh faoina dtogra. Táthar ag súil go nglacfaidh iarrthóirí le moltaí an Údaráis. Tar éis na céime seo, iarrfar ar iarrthóirí conradh a shíniú chun an maoiniú a tharraingt anuas. Scaoilfear le maoiniú in dhá chéim go hiondúil.

- Tabharfar aiseolas d'Iarrthóirí nach n-éireoidh leo faoina n-iarratais.

6. Léitheoireacht bhreise:

Mholfaimis go láidir go léifeadh gach iarrthóir na cáipéisí seo a leanas a d'fhéadfadh cuidiú lena n-iarratais.

- Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023
- Beartas Foghlama agus Forbartha na hEarnála le hÚdarás Craolacháin na hÉireann

Tá an dá cháipéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann.

Aguisín 1 – Foirm Iarratais

Scéim Tacaíochta 2022 don Chraolachán Pobail de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann
Foirm Iarratais

1. Iarrthóir/í

	Iarratas Comhpháirteach (más ea, freagair 1.2. Murab ea, téigh chuig 1.3)	Is ea		Ní hea	
1.1	Ainm an Stáisiúin				
1.2	Ainm na gcomhiarrthóirí (i gcomhair iarratas chomhpháirteach/comhpháirtíochtaí)				
1.3	Ainm an stáisiúin a dhéanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann conradh leis				
1.4	Duine teagmhála don tionscadal				
1.5	Seoladh ríomhphoist				
1.5	Uimhir ghutháin				
1.6	Seoladh Poist don tionscadal				

2. Achoimre ar an Tionscadal

2.1	Teideal an Tionscadail				
2.2	Ábhar an athbhreithnithe/mheasúnaithe/réimse forbartha (cuir **X** sa bhosca cuí)				
Oibríochtaí		Pobal ar a bhfreastalaíonn an stáisiún		Rialachas	
Foireann/Oibrithe Deonacha		Bainistíocht Airgeadais		Cóid Dlí agus Rialála	
Eile (tabhair sonraí)					
2.2	Forbhreathnú ar an tionscadal				

2.3	Aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail
2.4	Réasúnaíocht don chúis a dteastaíonn an tionscadal
2.5	An mhodheolaíocht a bheartaítear
2.6	Cén chaoi a dtéann an tionscadal i ngleic le haidhmeanna agus cuspóirí na Scéime?
2.7	Tairbhí/torthaí a bhfuiltear ag súil leo
2.8	Cén chaoi a dtagann an tionscadal seo le Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023?

2.9	An féidir an obair seo a fhoilsiú/a roinnt leis an earnáil phobail?

3. Pearsana agus sonraí na Comhpháirtíochta (más infheidhme)

3.1	Ainm an Bhainisteora Tionscadail/Duine Neamhspleách a dhéanfaidh an obair agus sonraí faoi thaithí/saineolais ábhartha
3.2	Sonraí na bpearsanra ábhartha eile
3.3	Ainmneacha na gcomhpháirtithe atá páirteach sa tionscadal agus an pháirt a bheidh acu
3.4	Tabhair breac-chuntas ar an réasúnaíocht don chomhpháirtíocht seo, mar shampla, cén chaoi a rachaidh an tionscadal chun tairbhe na gcomhpháirtithe ar fad atá páirteach (ní bhaineann sé seo ach le hiarratais chomhpháirteacha/comhpháirtíochtaí)

4. Plean an Tionscadail

Tabhair eolas le haghaidh gach céime den tionscadal ar an teimpléad thíos

Dáta/Tréimhse	Gné den Obair	Líon Laethanta	Nithe Inseachadta
Dáta Tosaigh (dáta measta a thosóidh idirbheartaíocht an chonartha)	Idirbheartaíocht an chonartha		- Caithfear an fhaisnéis agus an cháipéisíocht ábhartha ar fad a sheachadadh mar is cuí chun an conradh a chur i gcrích (de réir sceideal 1 agus 2 de theimpléad an chonartha)
Dáta Deiridh (dáta measta a chuirfear na nithe inseachadta isteach le haghaidh na híocaíochta deiridh)	Seol isteach na Nithe Inseachadta Deiridh		- Measúnú/Tuairisc Tionscadail agus Moltaí - Cuntais Deiridh - Tuarascáil ó Chuntasóir Neamhspleách - Ráiteas Comhlíonta an Chonraitheora

5. Buiséad[1] agus Plean Airgeadais

Buiséad an Tionscadail			
Cur Síos	**Costas Aonaid**	**Líon Aonad**	**Costas Iomlán**
Cuntais Deiridh (éigeantach)			
Buiséad Iomlán			

Plean Airgeadais an Tionscadail		
Foinse	**Méid**	**Céatadán den Iomlán**
Údarás Craolacháin na hÉireann	€●	
●[Cómhaoinitheoir]	€●	
●[Cómhaoinitheoir]	€●	
Iomlán	**€●**	**100%**

6. Saoráil Faisnéise

Geallann Údarás Craolacháin na hÉireann na hiarrachtaí is fearr a dhéanamh chun faisnéis a chuireann tú ar fáil sa togra seo a choinneáil faoi rún de réir oibleagáidí an Údaráis faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Más mian leat nach nochtfaí aon chuid den fhaisnéis a chuir tú ar fáil sa togra seo mar gheall ar a íogaire atá sí, ba cheart duit, agus an fhaisnéis íogair á cur ar fáil, í a shonrú go soiléir agus na cúiseanna lena híogaireacht a thabhairt le fios. Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leat faoin bhfaisnéis íogair sin sula ndéanfar cinneadh faoi aon iarratas um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

7. Cosaint Sonraí

Cloífidh Údarás Craolacháin na hÉireann lena oibleagáidí faoin mBille um Chosaint Sonraí, 2018 agus aon dlíthe agus rialacháin infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.

[1] Má tá tú cláraithe i gcomhair CBL, seol isteach é seo gan an costas CBL san áireamh. Mura bhfuil tú cláraithe (i.e. ní féidir
leat CBL a éileamh ar ais) féadfaidh tú an costas CBL a chur sna míreanna líne ábhartha. Bíodh sé soiléir sa chur síos aonaid go bhfuil an CBL san áireamh agus sainaithin an ráta atá i bhfeidhm.

8. Nochtadh Leasa

Sínigh A nó B

A. Níl aon choimhlint leasa i gceist leis an togra seo.

Sínithe: _____

Thar ceann: _____

B. Dearbhaítear an leas/na leasanna seo a leanas i ndáil leis an togra seo.

Sínithe: _____

Thar ceann: _____

Dáta a seoladh isteach: _____